

TRÍ LÉINE DE NA CEANNABHÁIN BHÁNA

Bhí rí in Éirinn fadó. Cailleadh a bhean. Bhí triúr mac agus inghean aige. Bá mhaith leis pósadh ath-uair. Chuaidh sé agus rinne sé uaimh thalmhana faoi thalamh. Chuir sé a thriúr mac ann. D'fhága sé an inghean ag an teach. Bhí sé ag ceapadh pé ber bean a phósfadh sé nach mbeadh aon locht aice ar an inghin. An bhanrioghan a bhí pósta i dtosach aige bhí sí an-mhaith do na boicht. Chuireadh sí an oiread seo beathaidh amach chuile sheachtain chuca.

Phós sé an bhean seo eile aríst. Lá dá ndeachaidh sí amach ag aer di féin ar an gcapall bhí sí a' gul thar theach sean-chailleach cearc. Sgiorr an capall agus leagadh í. "Dia agus do leagan leat!" adeir an tseanbhean, "nár thúisge i do sheasamh thú ná leagtha aríst."

Ní dhearna sí ach filleadh abhaile. Lá ar an bhárach chuaidh sí an bealach céadna. D'eirigh an rud céadna. Leagadh aríst í. An tríomhadh lá chuaidh sí an bóthar céadna agus leagadh an tríomhadh uair í, agus bhí an bheannacht chéadna i gcomhnaidhe ag cailleadh na gcearc. Nuair a d'eirigh sí d'fíafuigh sí de chailleach na gcearc go cén t-ughdar a bhí aice a bheith ag easgaine uirthé.

"Dá mba mhaith é mo luach saothair" adeir an chailleach, "ba mhaith é mo sgéal."

"Luach saothair ar bith a iarrfas tú" adeir an bhanrioghan, "tiubhraidh mise dhuit é."

"Lán mo chaipín cluasach de mhin" ar sise, "ins na seacht mbliana agus olann na seacht mbliana."

"Gheobhfaidh tú sin más fiú é do sgéal" adeir an bhanrioghan.

"An bhanrioghan a bhí romhat-sa ag an rí seo níl aon tseachtain go dtí an lá ar cailleadh í nach gcuireadh sí ualach mine amach ag an boicht."

"Agus ceal nach bhfuil mise dá chur chuca ar an mbealach céadhna" ar an bhanrioghan.

"Níl" arsa an chailleach. "An rud is ceart duit-se a chur chugainne, ag triúr mac an rí atá sé a' ghul."

"Ní raibh fhios agam-sa go raibh aon mhac ag an rí" adeir an bhanrioghan, agus níor innis sé dom é."

"Tá siad in uamhain thalmhana" adeir an chailleach, "agus an bheatha is ceart dúinne a fhágghail is siad-san atá dhá fhágghail."

"Cén chaoi a bhfuighidh mé amach iad?" adeir an bhanrioghan.

"Tabhair leat ceirtlín den tsnátha síoda" adeir an chailleach. Níl aon lá nach dteigheann an dreithiúr ar chuairt aca, greamuigh an snáth síoda dá cuid éadaigh. Nuair a bhéas sí sgathamh imthighthe lean duithe. Bí a' tochardú an snátha agus agus tiubhraidh an snátha isteach aca thú."

Tháinig an bhanríoghan abhaile agus rinne sí sin. Thug sí ubhla don dreithiúr agus níor ith an dreithiúr aon bhlas beathaidh ariamh nár roinn sí leis na dreatháracha cuide dhe. Bhí sé ina ubhall an-bhreagh. D'imthigh an dreithiúr agus chuaidh sí ar cuairt ag an dreatháracha agus thug sí an t-

ubhall chuca. Tharraing sí amach an t-ubhall agus dubhairt sí leofa gurbh é ubhall a thug sí chuca le n-ithe.

“Cé thug dhuit é a dhreifiúr” adeir an dreatháir is sine.

“Tug mo leas-mháthair” adeir sí.

“Tá mé i bhfaithíos” ar seisean, “nach ubhall maith é.”

“Níl blas dochair ann” adeir an dreithiúr, “íosfamuid é.”

“Fóill oraí anois” adeir an dreatháir is sine. “Déanaidh mise cheithe leith den ubhall. Tiubhraidh mise mo leath féin don ghadhairín atá liom, agus mara ndéanaidh sé tada ar an ngadhairín ní dhéanaidh sé tada oraibh-se.” ní túisge a bhí sé sin ithe ag an ngadhairín ná bhí sé marbh. Séard a bhí ann ubhall nimhe.

Ní i bhfad go dtáinig an leas-mháthair chuca isteach. Bhuail sí buille dá slaitín draoidheachta ar an triúr agus rinne sí trí choinnleoir díofa. Chroch an dreithiúr léithe na trí choinnleoir agus leag sí ar an dreisiúr iad nuair a tháinig sí abhaile. Sé an chéad obair a dhéanadh sí nuair a d'éirigheadh sí na coinnleoirí a thabhairt anuas agus iad a sgiúradh agus a nglanadh agus a leagan in an-áit féin aríst.

“Cuirfidh mise as t’amharc iad” adeir an leas-mháthair, a’ bualadh buille dá slaitín draoidheachta ortha agus a’ déanamh trí fhód móna díofa. Chaith sí isteach i mbosca na móna iad. Chomh luath agus chaith rug an dreithiúr ortha agus chaith sí ina haprún iad.

“Á” a chailín mhaith” adeir an bhanrioghan, “cuirfidh mise as t’amharc iad” a bualadh buille da slaitín draoidheachta ortha agus a’ déanamh trí phréachán díofa. D’imthigh siad san aer agus gach aon sgread aca. D’imthigh an dreithiúr ina ndiaidh go dtáinig an oidhche uirthé. Lá ar na bhárach ní aithneochadh sí iad thar phréachán ar bith eile. Bhí sí ag imtheacht ar a dtóir ó áit go háit gur casadh isteach ar deireadh i gcoirnéal coille í. Fuair sí bráca beag i gcoirnéal na coille agus chuaidh sí isteach ann. Bhí teine bheag ann agus bhí broсна caithte sa gclúid. Thosuigh sí a’ briseadh an bhrosna agus dá chaitheadh ar an teine dá téidheadh féin. Ní i bhfad gur airigh sí torann mór a’ tigheacht. Sgannruigh sí agus chuaidh sí isteach faoin mbrosna i bhfolach. Tháinig na trí préacháin isteach agus rinne siad triúr fear díofa féin. Bhíodar ina bhfir ssan oidhche agus agus ina bpréacháin sa lá. “Aithnighim lorg lámha mo dhreifíre ar an mbrosna” ar an dreatháir is sine.

Nuair a chuala sí sin d’éirigh sí chuca. Bhí an-fháilte aca féin roimh á na chéile. Nuair a chaitheadar sgathamh a’ cainnt dubhairt an dreithiúr leofa ghul a chodladh.

“Tá ’r gcuid éadaigh stríoctha stríocthe” ar sise, “agus beidh deis a’m-sa ar maidin ortha dhaoibh” ar sise.

Chuardar a chodladh annsin agus leagadar aice a gcuid éadaigh. Chuaidh sise a’ deasú a gcuid éadaigh. Ní raibh aon tsolus aice ach léir mar bhí sí a’ caitheamh cipín den bhrosna ar an teine a’ déanamh soluis duithe.

Nuair a tháinigeadar isteach isteach san oidhche agus chonnaiceadar an dreithiúr bhí an oiread sin gliondair ortha gurbh e an áit ar chaitheadar an bhratach dhraoidheachta ar bharr na broсна. Bhí sise ag coinneál beagán broсна ag déanamh soluis. Nuair chaith sí síos cuid den bhrosna chaith sí síos an bhratach dhraoidheachta leofa agus dhóigh sí í. An pléasgadh a bhí ag an mbratach

draoidheachta dhúisigh sé na dreatháracha. D'éirigh siad agus bhuaill siad a dhá mbois faoi chéile ag gol agus a' sgreadach. D'fíafuigh an dreithiúr díobh go cé an t-ughdar caointe a bhí aca.

"Ó tá, a dhreithiúr" ar siadsan, "ach níl aon mhilleán a'inn ort-sa, muid féin atá cionntach – tá an bhratach dhraoidheachta a bhí a'inn dóighte – nár innis duit-se go raibh sí ar an mbrosna. Anois níl i ndán dúinn eirghe ón draoidheacht go bráthach.

Nuair a chuala an dreithiúr é sin thosuigh sí a' sgreadach agus a' caoineadh, a tarraingt na gruaige dá ceann faoin rud a bhí déanta aice. Bhíodar ag iarraidh foighid a chuir innte ach ní raibh aon mhaith ann.

"Anois" adeir sí, "a' bhfuil aon nidh faoin domhan indiu i ndon sibh a thógáil ón draoidheacht?"

"Níl aon nidh faoin domhan i ndon muid a thógáil uaidh mar a mbeadh bean a dhéanfadh trí léine de na ceannabháin bhána a shníomh agus a chardáil agus a fhigheachan, agus gan aon fhocal a labhairt ná gol ná gáire a dhéanamh, agus iad a bheith déanta i lá agus bliain, agus sin rud nach féidir a dhéanamh" ar seisean.

D'fhága siad slán agus beannacht aice a rmaidin agus d'imthigh siad ó chéile brónach go leor. Fuaidh sise amach agus thosuigh sí a' baint na gceannabhán bán. Bhí sí a' sníomh agus a' cardáil léithe gan aon bhlas beathaidh ach toradh na gcrann agus uisge an tsrutháin. Bhí duine uasal óg san áit agus níl lá ar bith nach raibh sé a' foghléireacht sa gcoill. Lá dá dtáinig sé thart chonnaic sé an bhean óg istigh sa mbráca a' sníomh agus a' cardáil. Chinn sé air aon fhocal cainnte a bhaint aiste. Bhí éanlaith aige marbh.

"Mo chrádh Dé mara mó an truagh tusa ná mise" ar seisean, a' fágáil a raibh d'éanlaith aige aice le n'ithe duithe féin.

Níl lá ar bith nach dteagadh sé ar cuairt aice agus nach bhfágfadh sé a dhíol féin d'éanlaith aice i gcomhnuidhe dá coinneáilt beo.

"Mo chrádh Dé" ar seisean, "mara bpósfaidh mé thú."

Phós sé í. Faoi cheann trí ráithe rugadh mac óg duithe. Rinne sé cliabhán don pháiste dhuithe lena leagan le n-a hais ó bhí sí ag obair. Ní raibh aon duine ag á na mháthair ach é. Rinne sí iongnadh mór foghailéaraidhe a bhí chomh maith leis go cé an t-ughdar nach mbíodh sé a' tabhairt na n-éanlaithe abhaile chuite mar bhíodh sé san am a caitheadh. Fuaidh sí go n-a seanfhear glic agus d'innis sí dhó nach bhfuair sí éan ná gírfhiadh óna mac leis an fhad seo seo achair agus cén t-ughdar a bhí leis.

"Tá ughdar maith leis" adeir an seanfhear glic, "tá sé á dtabhairt chuig á na bhean phósta."

"Cén chaoi a bhfuighidh mise amach sin?" adeir sise.

"Abair leis nuair a thiocfas sé abhaile anocht, gur mór an náire dó nach ngabhfadh sé ar cuairt ar dhreatháir a athar atá ar leabaidh a bháis sul dá gcailltear é."

Dubhairt sí é sin leis.

"Mo chrádh Dé" ar an mac, "má bhí fhios a'm-sa é sin, ach gabhfadh mé ar cuairt aige i mbárach." Dubhairt an seanfhear glic léithe a ghul ag an gcoill nuair a bheadh an mac an mac imthighthe agus go bhfuigheadh sí a bhean i mbráca istigh sa gcoill. Chuaidh sí chun na coille agus agus tháinig sí isteach ag bean a' mhic. Labhair sí léithe ach ní bhfuair sí aon fhreagra.

“Mara bhfreagraigh tú mé” ars an bhanrioghan, tiubhraidh mé do leanbh uait.”

Níor labhair sí. Thug sí léithe an páiste agus leag sí ar an tarsaigh é.

“Mara labhruigheann tú liom agus innseacht dom cé thú, stróicfidh mé ó chéile an naoidheanán” ars an bhanrioghan.

Níor labhair an bhean sa mbráca focal.

Ní dhearna an bhanrioghan ach cos a leagan ar chois an naoidheanáin. Rug sí ar na gcois eile agus stróc sí ó chéile é agus d’fhág sí annsin ag an máthair é. “Cuirfidh mise rachtaí ort go labhróchaidh tú” ars an bhanrioghan.

D’imthigh sí agus d’fhága sí annsin í. D’eirigh an bhean óg agus rug sí ar an naoidheanán. Chaith sí isteach i bpíosa éadaigh é agus leag sí isteach sa gcliabhán é. Tháinig aon deor amháin faoi na súil. Thóg sí amach an naipcín póca agus thriomuigh sí é.

Nuair a tháinig an bhanrioghan abhaile go dtí an mac, “is aisteach an sórt pósadh a rinne tusa a mhic” adeir sí. “Bean ar bith a phós tú nach labhróchadh focal cainnte leat agus a mharbhuigh do mhac agus a stróic ó chéile é.”

“Más fíor sin a mháthair tiubhraidh mise anbhás duithe féin.”

Nuair a d’eirigh sé ar maidin níor stop sé go ndeachaidh sé ag a’ gcoill. Chuaidh sé anonn go dtí an cliabhán. Dhearc sé ar an malrach.

“Cén chiall duit mo mhalrach a mharbhú?” ar seisean.

Níor labhair sí.

“Siubhail leat anois” ar seisean, “tiubhraidh mise bás is measa ná sin duit féin.”

D’eirigh sí ina seasamh agus chroch sí léithe na ceannabháin bhána. Fuaidh sí anonn ag an gcliabhán agus rug sí ar an naoidheanán agus chas sí ina naipcín é. Shiubhail sí leis go dtáinig sí go teach a mháthar. Chuir sé iseach i seomra dorcha í.

“Fan annsin” ar seisean, “go mbí mise réidh.”

Chuir sé goirm-sgoile amach ag cruinniú móna go raibh tornóg mhór móna cruinnighthe aige. Bhí muinntir an oileáin ar fad cruinn le bheith ag dearcadh ar an teine chrámh agus ar an mbean óg dá bruith agus dá dóghadh innte.

Nuair a bhí an tornóg faduighthe, “Gabh amach annseo anois” ar seisean.

Fuaidh sí amach agus thug sí léithe a cuid léinteacha faoi n-a heasgaill agus an naoidheanán ina naipcín. Chuireadar suas ar bharr na teine í. Bhí sí ina suidheamh ar an móin agus ní thógfadh an mhóin aon teine thíos bhí sí a fuagháil léithe agus ní i bhfad go raibh ceann de an léinteacha críochnuighthe aice. Chomh luath agus bhí tháinig préachán go dtí í agus tharraing sí anuas an léine air. Rinne sé fear an-bhreagh. Chríochnuigh sí na trí léine agus tháinig an triúr dreathár chuite.

“Céard a thug annseo thú?” adeir an dreatháir is sine.

“Thug” ar sise, “Le mé a bhruth agus a dhóghadh.”

“An té a thug an toil sin ort-sa caithfidh sé féin a ghul in t’áit.”

"Ó, a dhreathair" ar sise, "ná déan sin. Ní hé atá cionntach. Ní bheadhainn-se annseo indiu mara mbeadh m'fhear pósta. Sé a choinnigh beo mise ó thosuigh mé a' baint na gceannabhán bán nó go ndearna mé na trí léine daoibh-se, agus ní dhéanfadh sé sin liom-sa marach a mháthair agus sí a mharbhuigh mo naoidheanán nuair nach labhróchainn léithe, nuair nach n-innseochainn cé mé.

"Is fíor sin" ars an fear. "Sí mo mháthair is cionntach, ach ó tharla gurb í anois caithfidh sí féin a ghul sa teinidh."

Rugadar ar an máthair agus chaitheadar isteach I lár na teineadh í gur bhruthigheadar agus gur dhóghadar í.

"Céard é sin i do naipcín?" ars an dreatháir.

"Tá mo naoidheanán" ar sise.

"Spáin dom é" ar seisean.

Ní dhearna sé ach a láimh a chuimilt den naoidheanán agus rinne sé chomh folláin agus a bhí sé ariamh é. Bhí leathshúil caillte aige.

"Chaoin tú deor a dhreithiúr" ar seisean. "Cá bhfuil an t-éadach ar thriomuigh tú an an deor sin a chaoin tú."

"Tá sé agam annseo" ar sise.

"Tabahir dhom an naipcín" ar seisean.

D'fhosgail sé an naipcín agus bhí an tsúil istigh ann, súil an naoidheanáin. Ní dhearna sé ach an tsúil a leagan isteach i gcloigeann an naoidheanáin agus bhí sé chomh maith agus bhí sé aon lá ariamh. D'fhágadar an dreithiúr annsin lena fear. Thainig siad abhaile go teach a n-athar. Chuireadar gairm sgoile amach ag cruinniú móna go ndearna siad teine crámh. Rugadar ar an leas-mháthair gur chaitheadar isteach sa teine í, gur bruiteadh agus gur dóghadh í. Nuair a bhí sin déanta chuireadar síos an citeal agus d'óladar tae agus mara raibh siadsan go maith tá súil le Dia agam go mbeidh muide.